Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9796/22**

**COH 47**
**SOC 334**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8980/22 |
| Ábhar: | An 8ú tuarascáil faoin gcomhtháthú sóisialta agus críochach: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú 'An Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050'<br>- Conclúidí ón gComhairle (2 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach dar teideal 'Comhtháthú san Eoraip faoi 2050', a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú), ag an 3875ú cruinniú a bhí aici, an 2 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú**

**'Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. MEABHRAÍTEAR DI gurb é is aidhm don bheartas comhtháthaithe na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus a fhorbairt chomhchuí i gcoitinne a chur ar aghaidh;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, ar breithniú luachmhar ar na forbairtí i gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais Eorpaigh í, agus is díol sásaimh di an anailís a dhéantar ann ar rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe ó thaobh an lánpháirtithe, an chóineasaithe agus an iomaíochais de, ar bhonn an staidrimh is cothroime le dáta atá ar fáil;

3. ADMHAÍONN SÍ:
   - go dtagann an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú chugainn i gcomhthéacs géarchéimeanna éagsúla atá ag déanamh difear don Aontas Eorpach (an phaindéim, tubaistí nádúrtha, fogha míleata) agus dúshláin fhadtéarmacha (amhail athruithe aeráide agus déimeagrafacha), as a n-eascróidh móriarmhairtí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta maidir le comhtháthú an Aontais Eorpaigh;
   - go mbíonn tionchar neamhshiméadrach ag na dúshláin agus ag na géarchéimeanna sin ar Bhallstáit agus ar réigiúin an Aontais agus, mar thoradh air sin, go bhféadfaidh siad an éagothromaíocht agus an neamhionannas a mhéadú, rud a chruthódh dúshláin éagsúla don bheartas comhtháthaithe;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na forbairtí suntasacha a rinneadh le deich mbliana anuas:

- Tá feabhas tagtha ar an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal an Aontais, ach, den chuid is mó, is é an fás measartha láidir in go leor réigiúin lagfhorbartha is cúis leis an gcóineasú, cé go bhfuil roinnt réigiúin mheánioncaim nach bhfuil aon bhorradh iontu;
- Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh feabhas a chur ar an bhfostaíocht, ach is mó na héagothromaíochtaí réigiúnacha anois ná roimh an ngéarchéim airgeadais in 2008;
- Tá na bearnaí idir réigiúin áirithe agus laistigh díobh ann fós agus tá siad sin ag leathnú fiú i roinnt cásanna, agus is cosúil go bhfuil roinnt réigiún gafa i sáinn forbraíochta;
- Tá fás tagtha ar dheighilt na nuálaíochta réigiúnaí san Eoraip. Ina theannta sin, tá roinnt réigiún fós ina bhfuil bearnaí nascachta a mbíonn tionchar acu sin ar a gcumas tairbhí an mhargaidh inmheánaigh a bhreith go hiomlán;
- Is gnéithe tábhachtacha iad an nuálaíocht, an fhiontraíocht, an fhorbairt dhigiteach le haghaidh fás eacnamaíoch fadtéarmach agus forbairt críoch chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí agus ar cháilíocht bheatha na saoránach, ach tá an dea-rialachas tábhachtach freisin agus, i gcás inar gá, infheistíochtaí i mbonneagar;
- Feictear éifeachtaí an athraithe dhéimeagrafaigh (imirce inmheánach agus sheachtrach, aosú, dídhaoiniú agus imirce daoine oilte) sna Ballstáit uile, ach go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha, tuaithe agus fhorimeallacha;

5. MEABHRAÍTEAR DI an ceangal atá aici le beartas comhtháthaithe lena gcuirtear le hathchóirithe struchtúracha agus le hinfheistíochtaí chun torthaí eacnamaíocha agus sóisialta níos fearr a bhaint amach i ngach réigiún, agus a fhorbraítear le linn timthriall clársceidealaithe fadtéarmach, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go luaitear sa Tuarascáil go n-eascróidh tairbhí as an mbeartas do na réigiúin uile san fhadtéarma;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go dtabharfaí, sa bheartas comhtháthaithe, beartas áitbhunaithe ar bonn dó an bhainistíocht chomhroinnte, an chomhpháirtíocht agus an rialachas il-leibhéil, aird chuí ar riachtanais agus ar acmhainneacht na gcríoch, lena gcuirfear ar a gcumas díriú ar na hinfheistíochtaí is ábhartha go háitiúil, mar shampla trí na straitéisí forbartha áitiúla nó na straitéisí um speisialtóireacht chliste atá acu, agus gur cheart go bhféachfaí le réitigh chomhtháite a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach, fo-réigiúnach nó idir-réigiúnach, agus an taithí maidir le comhar a forbraíodh trí chláir INTERREG á cur san áireamh freisin, ionas gur mó an úinéireacht a ghlacfar ar thosaíochtaí Eorpacha ar an láthair;

7. IARRANN SÍ go mbeadh feasacht ghinearálta ann maidir le comhtháthú ionas nach ndéanfar dochar dó i mbeartais agus tionscnaimh uile an Aontais, agus i gcur chun feidhme an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear rialacha maidir le Státchabhair, i gcomhréir lehAirteagal 175 CFAE, agus GRÍOSANN SÍ an Coimisiún Eorpach a mhachnamh a dhéanamh ar mheasúnuithe tionchair críochacha (díonadh réigiúnach) a chur san áireamh i mbeartais ábhartha de chuid an Aontais ag céimeanna an choincheapa agus na meastóireachta araon.

**I – Tosaíochtaí níos dírithe le haghaidh freagairtí struchtúracha ar na mórdhúshláin trí leas a bhaint as foinsí nua fáis**

MEASANN SÍ an méid a leanas:

8. Tá dúshláin mhóra ag baint leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach araon, lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil maidir le fás Eorpach; ba cheart dúinn ár n-infheistíochtaí a threorú chuig an bhfás sin agus oiriúnú cothrom a áirithiú chun éagothromaíochtaí nua a d’fhéadfadh teacht as na haistrithe sin a sheachaint;

9. Is féidir leis an nuálaíocht, an fhiontraíocht agus an éagsúlú eacnamaíoch, mar aon le dea-rialachas, a bheith mar phríomhchinntithigh maidir le fás eacnamaíoch réigiúnach fadtéarmach agus athléimneacht níos mó i leith suaití neamhshiméadracha;

10. Chun cabhrú le daoine, le gnólachtaí agus le críocha, go háirithe bardais, ach le fiontair bheaga agus mheánmhéide chomh maith, agus chun an t-aistriú glas a chur chun cinn ar bhealach atá cóir ó thaobh na sochaí de, is gá tacú leo siúd agus aghaidh á tabhairt acu ar an athrú aeráide, ar an aistriú fuinnimh, agus ar an athléimneacht i leith rioscaí aeráide a neartú, foráil a dhéanamh do gheilleagar inbhuanaithe ciorclach agus timpeallacht ghlan, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, agus iad a spreagadh chun réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme;

11. Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, tacaítear le gníomhaíochtaí na mBallstát ar mhaithe le sochaí níos córa agus níos cuimsithí, agus comhlánaítear na gníomhaíochtaí sin leis;

12. Chun na saoránaigh a ullmhú níos fearr chun déileáil leis na haistrithe inár sochaithe, ba cheart tacú le hinoiriúnaitheacht agus forbairt scileanna nua, lena n-áirítear trí oideachas, foghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoiliúint a neartú;

13. Chun leochaileacht shocheacnamaíoch agus eisiamh socheacnamaíoch a laghdú, ba cheart, leis an mbeartas comhtháthaithe, tacú le lánpháirtiú na ndaoine is leochailí trí fhostaíocht ar ardchaighdeán agus seirbhísí ardchaighdeáin sóisialta agus sláinte a chur ar fáil;

14. Chun na dúshláin mhóra a bhaineann le hathrú déimeagrafach a chur san áireamh ar bhealach níos fearr, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le pobal atá ag dul in aois, ar na hiarmhairtí ar ár gcórais sláinte agus shóisialta, ar chríocha ina bhfuil an daonra atá ag meath, agus ar chríocha a bhfuil dúshláin iomadúla a bhaineann leis an óige ag bagairt orthu.

**II – Comhtháthú a dhoimhniú trí chur lena dhaingniú sna críocha**

15. MOLANN SÍ fócas láidir áitbhunaithe a bheith ag an mbeartas comhtháthaithe i gcónaí;

16. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an beartas comhtháthaithe ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun forbairt a chothú i réigiúin bheagfhorbartha, agus gur mórbheartas infheistíochta de chuid an Aontais é freisin, ar cheart dó leanúint de bheith ag tacú le hinfheistíochtaí atá riachtanach don chóineasú agus chun sáinneacha forbraíochta a sheachaint sna réigiúin uile;

17. MEABHRAÍTEAR DI bunphrionsabail Airteagal 174 CFAE, lena gcuirtear forbairt chomhchuí na réigiún uile ar aghaidh agus lena dtugtar aird faoi leith ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhtiúil;

18. MEABHRAÍTEAR DI freisin Airteagal 349 CFAE, ar cheart é a úsáid chun tacú le forbairt na réigiún is forimeallaí agus chun beartas comhtháthaithe a chur chun cinn lena bhfreastalófar ar a riachtanais shonracha, agus réitigh dhifreáilte ann, lena neartófar a bhfor-rochtain, agus lena mbainfear leas as an nuáil a rinne na críocha sin;

19. TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhfuil dúshláin an-tromchúiseach roimh na hoileáin agus roimh chríocha imeallacha agus iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, i ngeall, freisin, ar chostais mhéadaithe iompair, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cur chuige cuimsitheach agus sonrach a úsáid ina leith, chun tacú leo agus iad ag trasdul;

20. IARRANN SÍ go ndéanfaí coincheap na réigiún i sáinn forbraíochta a imscrúdú agus a fhorbairt a thuilleadh chun na dúshláin atá os comhair na réigiún sin a shárú, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí struchtúracha as a dtagann an tsáinn forbraíochta agus a eascraíonn aisti, agus gan ligean do réigiúin nua dul isteach sa tsáinn sin;

21. Agus fís fhadtéarmach maidir le Limistéir Thuaithe an Aontais á athlua aici, MOLANN SÍ go bhforbrófaí straitéisí áitiúla comhtháite, go mbeadh rochtain ar thacaíocht theicniúil agus ar fhorbairt acmhainní ar an leibhéal áitiúil, agus go ndéanfaí, chomh maith leis sin, comhar agus líonrú ar an leibhéal Eorpach idir críocha tuaithe de réir mar a chuirtear chun cinn i gComhshocrú an Aontais um an Tuath;

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe uirbeach, ós rud é gurb iad na cathracha a spreagann aistriú ach go gcomhchruinníonn siad míchothromaíochtaí móra socheacnamaíocha freisin, agus TACAÍONN SÍ le naisc idir limistéir uirbeacha agus thuaithe, rud a fhágann gur inmhianaithe go mbeadh straitéisí forbraíochta ann a bheadh bunaithe ar limistéir fheidhmiúla, agus aird a thabhairt ar na róil i dtaca le ‘ancairiú’ agus ‘daoncheantar’ a bhíonn ag cathracha beaga agus meánmhéide chun crapadh na limistéar tuaithe a chosc;

23. TACAÍONN SÍ le caipitliú agus comhroinnt fhorleathan na taithí comhair arna heascairt as na cláir um Chomhar Críochach Eorpach, agus as na straitéisí um macraiéigiúin agus um imchuacha farraige, chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le comhtháthú na gcóras eacnamaíoch áitiúil;

24. CUIREANN SÍ I dTREIS an acmhainneacht mhór atá ag struchtúir sheanbhunaithe an chomhair chríochaigh Eorpaigh, go háirithe le linn géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19, agus TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an comhar trasteorann trasnáisiúnta idir-réigiúnach idir réigiúin na hEorpa a neartú;

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS, maidir leis na réigiún atá ar theorainneacha na Rúise agus na Bealarúise agus na réigiúin atá ar theorainneacha na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive, go bhfuil sraith shonrach de dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta rompu mar gheall ar an bhfogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin;

26. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh deasca na staide sin ar réigiúin a mbeidh orthu dul i ngleic le rabhartaí dídeanaithe agus ar an Aontas ina iomláine, lena n-áirítear na himpleachtaí fuinnimh agus boilsciúcháin don fhorbairt réigiúnach.

**III – Moltaí chun éifeachtacht chur chun feidhme na gcistí agus rochtain na gcistí sin ar na críocha a fheabhsú**

27. CUIREANN SÍ I dTREIS nach ionstraim ghéarchéime é an beartas comhtháthaithe; chuidigh sé, áfach, le réigiúin chun éifeachtaí na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí a mhaolú, agus MEASANN SÍ gur gá gur féidir leis an mbeartas dul in oiriúint d'fhorbairtí nua, gan dochar a dhéanamh dá chuspóirí struchtúracha fadtéarmacha, go háirithe trí leas a bhaint ar dtús as na forálacha ábhartha sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair;

28. MEASANN SÍ gurbh fhéidir cur le simpliú chur chun feidhme na gcistí dá mbeadh cobhsaíocht sna rialacha bainistíochta, rialaithe agus rialachais idir na clárthréimhsí, ach freisin dá gcuirfí rialacha i bhfeidhm ar bhealach níos aonchineálaí agus níos comhsheasmhaí;

29. IARRANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí níos fearr maidir le cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne, go ndéanfaí simpliú breise agus go dtabharfaí tacaíocht agus oiliúint leanúnach do thairbhithe nó do chomhpháirtithe ionchasacha, chun an beartas comhtháthaithe a thabhairt níos gaire do shaoránaigh an Aontais, go háirithe trí Chuspóir Beartais 5 nua;

30. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé acmhainneacht a fhothú agus na ceachtanna a foghlaimíodh a mheas agus a stiúradh chun éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus cláir ardtáirgeachta a chur chun cinn;

31. IARRANN SÍ go n-áiritheofaí go gcuirfear tacaíocht an Aontais chun feidhme go héifeachtach, faoi dhea-rialachas, ar bhealach trédhearcach agus i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

**IV – Bealaí machnaimh don todhchaí**

TÁ SÍ AG SÚIL leis an méid a leanas:

32. TÚS A CHUR leis an machnamh ar thodhchaí an bheartais chomhtháthaithe tar éis 2027, chun sraith rialacha a bheidh níos simplí agus níos éifeachtaí a cheapadh agus chun an claonadh a bhíonn ann cistí a iolrú a sheachaint;

33. na comhlántachtaí agus ar na sineirgí A CHUR I dTÁBHACHT ar gá iad a neartú i dteannta beartais agus tionscnaimh ábhartha Eorpacha eile ó chéim an deartha chun éifeachtacht na mbeartas sin a mhéadú, agus chun an t-ualach riaracháin a bhíonn ar na Ballstáit, ar na réigiúin agus ar na tairbhithe a laghdú;

34. Malartuithe rialta A DHÉANAMH maidir leis an mbeartas comhtháthaithe sa chlárthréimhse 2021-2027 d'fhonn an beartas i ndiaidh 2027 a cheapadh.